Teaghlach ildánach

Tá sárchumhachtaí ag gach béabhar sa teaghlach áirithe seo

- Faigheann na hiníonacha a gcuid buanna óna máthair.
- Faigheann na mic a gcuid buanna óna athair.
- Tá bua amháin sa bhreis ag gach ball teaghlaigh.

Taispeánann an léaráid thíos an gaol idir na béabhair. Táispeánann sé cén bua sa bhreis atá ag gach béabhar chomh maith. Mar shampla: Faigheann Sinéad, an mháthair, bua na hamhránaíochta ó Mháirín, a máthair siúd, agus tá bua an ríomhchláraithe aici chomh maith. Faigheann Eilís dhá bhua óna máthair agus tá bua na scríbhneoireachta aici chomh maith. Ciallaíonn sé seo go bhfuil bua na scríbhneoireachta, an ríomhchláraithe agus na hamhránaíochta aici.



CEIST

Cé acu de na ráitis seo atá fíor?

A. Tá bua na marcaíochta, na péinteála agus na fótagrafaíochta ag Tomás

B. Tá bua na léitheoireachta, an ríomhchláraithe agus na fótagrafaíochta ag Sorcha

C. Faigheann Tomás bua an chomhairimh óna sheanmháthair Mairéad

D. Tá bua ag Aintín Máire sa damhsa agus sa snámh.

Computational thinking resources for teachers by Maynooth University – pact.cs.nuim.ie
Original © 2014 Bebras, modifications © 2020 Maynooth University, Licence: CC-BY-NC-SA 4.0
Aistriúchán Gaeilge arna mhaoiniú ag COGG